Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16901/24**

**DEVGEN 206**
**RELEX 1604**
**ALIM 19**
**COHAFA 87**
**ACP 134**
**COAFR 442**
**COEST 743**
**SUSTDEV 131**
**GLOBAL GATEWAY 42**
**FAO 50**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Nollaig 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15264/24 |
| Ábhar: | Dlús a chur le tacaíocht Fhoireann na hEorpa don tslándáil bia agus don chothú ar fud an domhain<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 16 Nollaig 2024) |

San Iarscríbhinn, gheobhaidh na toscaireachtaí na conclúidí ón gComhairle maidir le dlús a chur le tacaíocht Fhoireann na hEorpa don tslándáil bia agus don chothú ar fud an domhain, faoi mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 4070ú cruinniú a bhí aici, an 16 Nollaig 2024.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le dlús a chur le tacaíocht Fhoireann na hEorpa don tslándáil bia agus don chothú ar fud an domhain**

Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi maidir le freagairt Fhoireann na hEorpa 2022 bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, táirgeadh inbhuanaithe, athléimneacht agus claochlú na gcóras bia, trádáil éascaithe agus iltaobhachas éifeachtach. I bhfianaise na neamhshlándála bia atá ag dul in olcas ar fud an domhain, dearbhaíonn an Chomhairle gur gá leanúint de bheith tiomanta tacú leis an tslándáil bia agus leis an gcothú ar fud an domhain agus an dul chun cinn maidir leis na ceithre cholún gníomhaíochta a threisiú agus a mhéadú.

**AN COMHTHÉACS GEOPHOLAITIÚIL**

1. Is cúis mhór imní don Chomhairle i gcónaí leibhéil na neamhshlándála bia nach bhfacthas riamh roimhe seo, rud a bhfuil tionchar aige ar phobail leochaileacha ar fud an domhain. Sa Tuarascáil Dhomhanda maidir le Géarchéimeanna Bia agus *The State of Food Security and Nutrition in the World Report* [Tuarascáil maidir le Staid na Slándála Bia agus an Chothaithe ar Domhan], sainaithnítear bunchúiseanna na neamhshláine (bochtaineacht agus neamhionannais) a théann in olcas mar gheall ar choinbhleachtaí, agus atá ar cheann de na príomhchúiseanna le neamhshlándáil bia. Aithníonn an Chomhairle gurb é is cúis le géar-neamhshlándáil bia go minic an idirghníomhaíocht idir turraingí eacnamaíocha agus an bhunbhochtaineacht, laigí struchtúracha agus gnéithe eile den leochaileacht i dtaca leis an athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus adhaimsir, chomh maith le coinbhleachtaí armtha.

2. Tá an tslándáil bia ar fud an domhain ag éirí níos geopholaitiúla agus tá arm á dhéanamh as an mbia. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí, agus ar na Ballstáit tacú le comhlíonadh an Dlí Dhaonnúil Idirnáisiúnta, le cuntasacht as sáruithe, agus le Rún 2417 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go córasach, lena gcáintear an t-ocras a úsáid mar mhodh cogaíochta. Meabhraíonn an Chomhairle gur coir chogaidh faoi Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta é an t-ocras a úsáid d’aon ghnó ar shibhialtaigh agus rochtain dhaonnúil a dhiúltú go neamhdhleathach agus acmhainní bunriachtanacha a bhaint de shibhialtaigh mar mhodh cogaíochta.

3. Cáineann an Chomhairle cogadh foghach gan údar, gan chúis agus neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear cur chuige na Rúise arm á dhéanamh as an mbia, bonneagar talmhaíochta na hÚcráine a scriosadh d'aon ghnó chomh maith le calafoirt ghráin, saoráidí stórála agus onnmhairiúcháin gráin a scriosadh, ionsaithe ar shoithí tráchtála a bhfuil grán na hÚcráine á iompar acu agus imscaradh ollmhór mianach talún agus fuílligh phléascacha chogaidh eile. Bíonn tionchar diúltach aige sin ar tháirgeadh agus ar sholáthar bia, agus bíonn iarmhairtí suntasacha aige do phobail leochaileacha ar fud an domhain, go háirithe luaineacht praghsanna agus suaitheadh tromchúiseach ar tháirgeadh agus ar sholáthar bia. Aithníonn an Chomhairle gurb iad na tíortha is lú forbairt agus is leochailí na tíortha is measa atá buailte: tíortha iad sin atá ag brath go mór ar sholáthar bia agus ar allmhairí bia, go háirithe iad siúd atá buailte ag ionradh na Rúise faoin Úcráin, chomh maith leis na tíortha is mó atá thíos leis an athrú aeráide.

4. Molann an Chomhairle tiomantas na hÚcráine don tslándáil bia ar fud an domhain, lena n-áirítear a hiarrachtaí chun a áirithiú gur féidir le tráchtearraí bia an margadh domhanda a bhaint amach agus an clár 'Grán ón Úcráin'. Meabhraítear don Chomhairle gné na slándála bia agus an chothaithe sa *Communiqué* Comhpháirteach a glacadh ag an gCruinniú Mullaigh maidir leis an tSíocháin san Úcráin i mí an Mheithimh 2024 agus molann sí an rannpháirtíocht bhreise maidir leis an tslándáil bia chun soláthar a grán agus a táirgí talmhaíochta chuig an margadh domhanda a choimeád ar bun. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cur i gcoinne ionramháil agus cur isteach na Rúise ar fhaisnéis, lena n-áirítear iarrachtaí bréagaisnéise agus díchobhsaithe a chuireann bac ar iarrachtaí tacú leis an tslándáil bia agus leis an gcothú. Aithníonn an Chomhairle freisin a phráinní atá sé talamh talmhaíochta na hÚcráine a dhímhianú agus tacú le forbairt chórais talmhaíochta agus bhia na hÚcráine chun tacú le bia inacmhainne agus inrochtana do na tíortha is leochailí ar domhan.

5. Mar a léiríodh i gCéim Chomhtháite na Slándála Bia (IPC), tá réigiúin shonracha ag dul i ngleic le géarchéimeanna tromchúiseacha bia agus tá líon ard daoine i bpobail na réigiún sin thíos le géar-neamhshlándáil bia agus le míchothú agus tá siad i mbaol gorta.

6. Mar thoradh ar ghéarú na coinbhleachta agus na cogaíochta in Gaza ón 7 Deireadh Fómhair 2023 i leith, tá géarchéim dhaonnúil ollmhór sa réigiún, le leibhéil thubaisteacha de ghéar-neamhshlándáil bia agus de mhíchothú, mar a dhoiciméadaítear tuarascáil maidir le IPC. Iarrann an Chomhairle go mbeadh sos cogaidh ann láithreach, go scaoilfí saor na gialla uile gan choinníoll, agus go mbeadh rochtain iomlán, thapa, shábháilte agus gan bhac ar chabhair dhaonnúil ar mórscála do na Palaistínigh atá i ngátar. I ndáil leis an méid sin, cuirimid béim ar a ríthábhachtaí atá ról na Náisiún Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí, go háirithe UNRWA a thugann tacaíocht ríthábhachtach don phobal sibhialtach, in Gaza agus sa réigiún máguaird.

7. Mar thoradh ar an gcoinbhleacht sa tSúdáin, tá ceann de na géarchéimeanna ocrais is tromchúisí ag tarlú, agus gorta ann i gcodanna den tír (Céim 5 de IPC), mar a dearbhaíodh sa tuarascáil is déanaí maidir le IPC. Tá thart ar 6 mhilliún duine ag dul i ngleic le leibhéil éigeandála neamhshlándála bia (Céim 4 de IPC), agus tá rátaí an-ard den ghéar-mhíchothú le brath. Molann an Chomhairle sos cogaidh láithreach go láidir agus leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé cúnamh bia tarrthála a sholáthar agus oibríochtaí daonnúla a chur i gcrích gan mhoill, saor ó bhaic mhaorlathacha agus riaracháin, chun géarú breise ar an ngorta agus bás an iliomad daoine a chosc.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a ríthábhachtaí atá sé cur chuige an naisc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin a neartú chun an neamhshlándáil bia a chosc agus chun freagairt uirthi, rud atá ríthábhachtach chun timthriall na ngéarchéimeanna bia agus cothaithe a bhriseadh, go háirithe i gcomhthéacsanna leochaileacha agus i gcomhthéacsanna coinbhleachta. Leis an gcur chuige sin, ba cheart sásraí cúnaimh éifeachtúla a áirithiú in am an ghátair, ach ba cheart rannchuidiú freisin le slándáil fhadtéarmach bia a fhorbairt, athléimneacht agus feidhmiúlacht na gcóras bia inbhuanaithe a chothabháil agus a thógáil, pobail áitiúla a chumasú chun slite beatha a dhaingniú, pobail shíochánta chuimsitheacha a neartú, agus córais talmhaíochta agus bhia a oiriúnú don athrú aeráide.

9. Tá an Chomhairle tiomanta do chomhleanúnachas beartais iomchuí agus do nasc iomchuí a áirithiú idir beartais inmheánacha agus beartais sheachtracha an Aontais maidir leis an tslándáil bia agus an cothú. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle go neartófaí an rannpháirtíocht leis na comhpháirtithe, d'fhonn comhoibriú maidir le haistriú i dtreo córais bhia inbhuanaithe i gcomhréir le Conairí Náisiúnta Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia, agus freagairt ar ábhair imní na gcomhpháirtithe sin a bhfuil tionchar ag reachtaíocht an Aontais orthu.

**DLÚTHPHÁIRTÍOCHT**

10. Ag meabhrú di na Conclúidí ón gComhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbearna sa chistiú daonnúil[1], athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá leanúint de pháirt ghníomhach a ghlacadh i ndlús a chur leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sa chistiú daonnúil. I gcomhthéacsanna ina bhfuil neamhshlándáil an tsoláthair bia agus míchothú, rannchuideoidh na hiarrachtaí sin le cúnamh bia tarrthála a áirithiú i gcomhréir le prionsabail dhaonnúla agus leis an aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe, athléimneacha agus chuimsitheacha a éascú, i gcomhréir leis an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas comhchoiteann an Aontais 0.7 % ar a laghad d'ollioncam náisiúnta (OIN) comhchoiteann a chur ar fáil mar chúnamh oifigiúil um fhorbairt faoi 2030, agus molann sí do na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí an bhearna sa chistiú daonnúil a dhúnadh.

[1] 9598/23

11. Tá rochtain dhaonnúil ar dhaoine atá i ngátar ríthábhachtach i gcónaí chun an tslándáil bia ar fud an domhain a mhéadú agus chun deireadh a chur leis an ocras. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sé d'oibleagáid ar gach páirtí i gcoinbhleachtaí armtha faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta gluaiseacht shábháilte, thapa, neamhchoinníollach agus gan bhac de chabhair dhaonnúil agus de chúnamh bia éigeandála a cheadú agus a éascú do shibhialtaigh atá i ngátar, lena n-áirítear i gcásanna tromchúiseacha a bhaineann le géar-neamhshlándáil bia. Tá dlúthbhaint ag cosaint sibhialtach agus an bhonneagair shibhialtaigh leis an ocras a chosc agus a laghdú.

12. Aithníonn an Chomhairle na hiarrachtaí urghnácha atá á ndéanamh ag oibrithe daonnúla agus is díol sásaimh di an tacaíocht éigeandála a chuireann gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta agus áitiúla, Gluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg agus comhpháirtithe eile ar fáil mar fhreagairt ar choinbhleachtaí, ar fhoréigean polaitiúil, ar thubaistí nádúrtha agus ar shuaití aeráide, agus iarrann sí orthu leanúint de thacaíocht a chur ar fáil agus sineirgí a lorg chun tionchar a imirt ar an láthair.

13. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá cur le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na cabhrach daonnúla go tapa, lena n-áirítear trí chineálacha cur chuige nuálacha, ar nós na réamhghníomhaíochta. Ba cheart é sin a chur chun feidhme trí fheabhas a chur ar chleachtais spriocdhírithe, ar mheasúnú ar bhunchúiseanna, ar acmhainneachtaí freagartha agus ar réitigh spriocdhírithe lena n-áirítear aistrithe airgid thirim mar an mhódúlacht tosaíochta le haghaidh cúnamh bia mar gheall ar a gcostéifeachtúlacht, i measc rudaí eile. I gcás inarb iomchuí, ba cheart cúnamh airgid a nascadh freisin le córas cosanta sóisialta ábhartha a dtacaíonn gníomhaithe forbartha leis. I gcás inar féidir, ba cheart do na gníomhaithe forbartha an ghníomhaíocht dhaonnúil a chomhlánú le tionscnaimh um fhorbairt fhadtéarmach, lena n-áirítear bearta fothaithe acmhainneachta chun an athléimneacht a neartú. Tá ullmhacht i gcomhair tubaistí, réamhghníomhaíochtaí agus réamhrabhaidh, chomh maith le hathléimneacht a fhorbairt ríthábhachtach chun slándáil bia agus cothú na bpobal a chosaint agus chun beatha daoine agus slite beatha a shábháil.

14. Meabhraítear don Chomhairle gur uirlisí ríthábhachtacha iad cláir cosanta sóisialta, go háirithe líontáin sábhála sóisialta lena gcuirtear cúnamh airgid ilchuspóireach ar fáil, cláir béilí scoile agus cosaint shóisialta atá íogair ó thaobh cothaithe de chun athléimneacht na bpobal atá buailte a mhéadú agus chun drochthionchar na suaití a mhaolú, lena n-áirítear tréimhsí neamhshlándála bia agus míchothaithe. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, freagairt dhaonnúil airgid a nascadh leis na córais cosanta sóisialta atá ann cheana le haghaidh tionchar níos fadtéarmaí agus chun tacaíocht a leathnú chuig scéimeanna mar sin, lena n-áirítear cláir cosanta sóisialta atá in ann freagairt ar shuaitheadh a chur chun cinn agus, ag an am céanna, úinéireacht náisiúnta agus straitéisí soiléire scoir agus aistrithe a áirithiú.

15. Aithníonn an Chomhairle gur gá na sásraí maoiniúcháin atá ann cheana a oiriúnú, mar atá deontais, ráthaíochtaí, iasachtaí lamháltais, cómhaoiniú agus maoiniú cumaiscthe agus árachas cumaiscthe, agus spreagann sí slógadh acmhainní intíre agus caipitil phríobháidigh chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do thionscnaimh na slándála bia agus an chothaithe i dtíortha ísealioncaim, i gcomhthéacsanna leochaileacha agus i ngéarchéimeanna daonnúla fadtréimhseacha, chomh maith le rochtain níos fearr ar mhaoiniú a áirithiú ar an leibhéal áitiúil agus do dhaoine atá i staideanna leochaileacha agus imeallaithe.

16. Aithníonn an Chomhairle go mbíonn tionchar díréireach ag an neamhshlándáil bia agus ag an míchothú ar mhná agus ar chailíní, rud a bhuanaíonn timthriall míchothaithe, a chuireann le drochthorthaí sláinte agus a mhéadaíonn an baol go dtarlódh foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta cearta na mban agus na gcailíní, an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a chur chun cinn mar thosaíocht i ngach réimse gníomhaíochta. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar ghnéithe inscne na neamhshlándála bia trí chur chuige claochlaitheach lena dtéitear i ngleic le bunchúiseanna an neamhionannais inscne agus aird ar leith á tabhairt ar an leithcheal trasnach a ghleic. Is díol sásaimh don Chomhairle gur glacadh treoirlínte deonacha an Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain, agus maidir leis an gComhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan agus na gCailíní agus í fós tiomanta don Chomhdhearcadh Eorpach nua maidir le Forbairt. Iarrann an Chomhairle freisin go bhfeabhsófaí an anailís, an tuiscint agus na freagairtí ar na tionchair éagsúla de réir inscne a bhaineann leis an neamhshlándáil bia, a bhfuil sé ríthábhachtach sonraí imdhealaithe ó thaobh aoise, gnéis agus míchumais de a chur ar fáil ina leith.

17. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de bheith ag rannchuidiú le tionscnaimh idirnáisiúnta atá dírithe ar chúnamh a thabhairt do chomhpháirtithe domhanda maidir le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus, nuair is gá, maidir le fiachas, bainistiú agus athstruchtúrú, chomh maith le hiarrachtaí chun srian a chur le boilsciú praghsanna bia intíre. Áirítear leis sin cur chun feidhme Chomhchreat G20/Chlub Pháras le haghaidh Cóireáil Fiachais lasmuigh den Tionscnamh chun Seirbhísiú Fiachais a chur ar Fionraí. Comhoibreoidh an tAontas le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta, ar nós an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus Grúpa an Bhainc Dhomhanda. Is díol sásaimh don Chomhairle go háirithe Clár Dúshláin Dhomhanda Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda maidir leis an tSlándáil Bia agus an Chothaithe agus iarrann sí go ndéanfar athshlánú uaillmhianach ar Chomhlachas Forbartha Idirnáisiúnta 21 a rachaidh chun tairbhe don tslándáil bia agus don chothú freisin.

**TÁIRGEADH**

18. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá leis na córais talmhaíochta agus bia a athrú ó bhonn lena n-áirítear córais síolta a bheadh inrochtana athléimneach, agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus éiceolaíoch á cur san áireamh, chun an tslándáil bia a bhaint amach. Leis an athrú sin, ba cheart tuilleadh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna struchtúracha mar shampla acmhainní nádúrtha a bheith ag dul i léig, brú méadaithe ar an talamh, ar na haigéin agus ar uisce intíre, cailliúint na bithéagsúlachta, ganntanas uisce, an méadú ar dhíghrádú ithreach, caillteanas agus cur amú bia agus dul i méid na leochaileachta agus na héagothroime. Is in olcas atá na saincheisteanna sin ag dul de dheasca thionchar an athraithe aeráide, go háirithe triomaigh fhada agus báisteach agus tuillte millteacha, agus dá thoradh tá dochar á dhéanamh d'athléimneacht na bpobal, rud a dhéanann easáitiú éigeantais an phobail agus a mhéadaíonn coinbhleacht agus corraíl shóisialta. Aithníonn an Chomhairle freisin ról na talmhaíochta agus na gcóras bia i gcomhthéacs an athraithe aeráide agus dá réir sin iarrann sí go gcuirfí cleachtais talmhaíochta atá athléimneach ó thaobh na haeráide de chun cinn, lena n-áirítear trí mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide.

19. Tá na feirmeoirí beaga, na feirmeoirí teaghlaigh agus na feirmeoirí cothaithe, táirgeoirí iascaigh agus dobharshaothraithe, chomh maith le MFBManna talamhaíochta ríthábhachtach don tslándáil bia agus don chothú áitiúil, réigiúnach agus domhanda. Aithníonn an Chomhairle a phráinní atá sé aistriú cóir a dhéanamh chuig córais dhomhanda talmhaíochta agus bia atá inbhuanaithe, cuimsitheach agus athléimneach agus meabhraítear di an Comhaontú Glas don Eoraip, an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus Conairí Náisiúnta Chruinniú Mullaigh 2021 na Náisiún Aontaithe maidir le Corais Bhia. Tá an Chomhairle tiomanta do straitéisí agus gníomhaíochtaí ilearnála agus ilpháirtithe leasmhara a fhorbairt agus tacú leo chun slabhraí luacha talmhaíochta áitiúla inbhuanaithe athléimneacha a chruthú nó a neartú, ar slabhraí luacha iad a thacaíonn le tíortha tionchar na luaineachtaí eacnamaíocha domhanda ar ionchur criticiúil a bhíonn á allmhairiú acu a laghdú, le tacaíocht ón bhfeirmeoireacht orgánach agus ón bpróiseáil bia chomh maith le cleachtais agrai-éiceolaíocha agus cineálacha cur chuige nuálacha eile.

20. Á mheabhrú di an plé fónta maidir leis an talmhaíocht agus an fhorbairt inbhuanaithe ag an séú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach i mí Feabhra 2022, agus na comhairliúcháin a bhí ann le déanaí maidir le Creat Cuimsitheach Chlár Forbartha Talmhaíochta na hAfraice tar éis an méid a rinneadh in Malabo atá le tabhairt chun críche go luath in 2025 in Kampala, aithníonn an Chomhairle gur gá béim ar leith a leagan ar an tslándáil bia agus ar an gcothú san Aifric. Tacaíonn an Chomhairle leis an Aontas Afracach creat 'Kampala' a thabhairt ar aghaidh chuig an chéad chéim eile.

21. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí tuilleadh infheistíochtaí in Global Gateway mar chuid de chur chuige Fhoireann na hEorpa, lena ndíreofaí ar phríomhshlabhraí luacha (lena n-áirítear iompar agus stóráil i dtíortha comhpháirtíochta) agus ar chonairí straitéiseacha, lena gcuirfear leis an tslándáil bia, an cothú agus an t-aistriú i dtíortha leochaileacha i dtreo córais bhia atá inbhuanaithe, athléimneach agus cothaitheach. Leis na hinfheistíochtaí sin beifear in ann sprioc SDG 2 agus spriocanna eile Chlár Oibre 2030 a bhaint amach, agus gan aon duine a fhágáil ar lár. Ba cheart dóibh cur chuige uilíoch a chur chun feidhme ina dhiaidh sin lena dtugtar aghaidh ar an mbochtaineacht agus ar an neamhionannas inscne agus lena gcuirtear rannpháirtíocht na sochaí poiblí agus sibhialta chun cinn chomh maith leis an earnáil phríobháideach agus lena ndéantar príomhphrionsabail na hinbhuanaitheachta, na hinscálaitheachta, na cuimsitheachta agus na gcomhpháirtíochtaí a mheas. Ina theannta sin, tacaíonn an Chomhairle le cur chuige iomlánaíoch i leith na talmhaíochta agus na gcóras bia, arb é is aidhm dó táirgeadh áitiúil a mhéadú ar mhaithe leis an tslándáil bia agus an cothú agus chun go mbeifí níos athléimní ar shuaití.

**TRÁDÁIL**

22. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur féidir le córas iltaobhach trádála atá uilíoch, bunaithe ar rialacha, oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus cothromasach forbairt a spreagadh ar fud an domhain agus rannchuidiú leis an tslándáil bia agus an cothú. I gcomhthéacs na trádála domhanda atá ag feidhmiú i dtaobh táirgí talmhaíochta, meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí comhionanna lena gcuirtear san áireamh leasanna agus tosaíochtaí an Aontais agus na dtíortha comhpháirtíochta araon.

23. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé bealaí trádála oscailte a choinneáil ar oscailt agus is saoth léi aon chur isteach a mbeadh tionchar diúltach aige ar an tslándáil bia agus ar an gcothú ar fud an domhain. Cuireann an Chomhairle i bhfios tiomantas an tAontas tacú le trádáil dhomhanda na dtáirgí bia agus talmhaíochta trí bhearta éagsúla tacaíochta trádála a cheapadh i gcás inar gá.

24. Ba cheart don Aontas leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i nascacht réigiúnach chun tacú leis an tslándáil bia agus an cothú áitiúil agus domhanda trí tháirgí talamhaíochta agus achmhainní riachtanacha a onnmhairiú agus a allmhairiú. Cuireann an Chomhairle i bhfios go leanfaidh an tAontas d'infheistíocht a dhéanamh sna Lánaí Dlúthpháirtíochta, i bhfianaise na mbagairtí leanúnacha ón Rúis ar an tslándáil agus ar an gcobhsaíocht sa Mhuir Dhubh, lena n-áirítear saoirse loingseoireachta agus chun feabhas a chur ar an nascacht idir an Úcráin, an tAontas agus na margaí domhanda. Is saoth leis an gComhairle freisin gur chuir an Rúis foirceannadh aontaobhach le 'Tionscnamh Gráin na Mara Duibhe' an 17 Iúil 2023. Ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt do phróisis um lánpháirtíocht eacnamaíoch réigiúnach in áiteanna eile ar domhan, lena n-áirítear cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Limistéar Saorthrádála Mhór-roinn na hAfraice a bhfuil na conairí straitéiseacha iompair tábhachtach ina leith.

25. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an seasamh uaithi i gcoinne srianta gan údar ar onnmhairiú agus tá sí tiomanta do thrédhearcacht agus comhordú an mhargaidh dhomhanda a fheabhsú trí Chóras Faisnéise na Margaí Talmhaíochta (AMIS). Leagann an Chomhairle béim ar a tiomantas sreabhadh domhanda na dtáirgí talmhaíochta agus bia a chaomhnú. Meabhraítear don Chomhairle go raibh ról ríthábhachtach ag an Aontas i ngeilleagar agus in earnáil talmhaíochta na hÚcráine a choinneáil ar bun, go háirithe trí na Lánaí Dlúthpháirtíochta a bhunú agus trí na dleachtanna allmhairiúcháin agus na cuótaí ar onnmhairí ón Úcráin agus ón Mholdóiv chuig an Aontas Eorpach (Bearta Trádála Uathrialacha) a chur ar fionraí. Leis na bearta tacaíochta trádála sin, tá an Úcráin in ann leanúint dá táirgí talmhaíochta a onnmhairiú. Aithníonn an Chomhairle freisin gur éascaigh cumas na hÚcráine conair gráin mhuirí Mhuir Dhubh na hÚcráine a dhaingniú filleadh na n-onnmhairí chuig tríú tíortha agus chuig tíortha atá ag fulaingt de dheasca an ocrais.

**AN tILTAOBHACHAS**

26. Cuireann an Chomhairle chun suntais nach mór iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. I bhfianaise na ndúshlán sin, leanfaidh an tAontas de bheith ina ghníomhaí domhanda freagrúil, freagrach, iontaofa. Tacaíonn an tAontas le hiarracht chomhchoiteann an phobail idirnáisiúnta díothú an ocrais a bhaint amach faoi 2030; chun é sin a bhaint amach tá gá le réitigh agus infheistíochtaí fadtéarmacha nua i gcórais bhia athléimneacha. Is díol sásaimh di freisin forálacha slándála bia an Chomhshocraithe don Todhchaí. I measc príomhghníomhaíochtaí an chomhaontaithe tá deireadh a chur leis an ocras agus deireadh a chur leis an neamhshlándáil bia agus cothaithe chomh maith le huaillmhianta a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide. Sa chiall sin, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le maoiniú inbhuanaithe a shlógadh ó gach foinse, lena n-áirítear ó dheontóirí neamhthraidisiúnta agus ón earnáil phríobháideach, agus tabharfar aghaidh orthu sin ag an gCeathrú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta a thionólfar in Sevilla na Spáinne, idir an 30 Meitheamh agus an 3 Iúil 2025.

27. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta d'iltaobhachas éifeachtach agus cuireann sí i bhfios a phráinní atá sé dlús a chur le Clár Oibre 2030 agus a spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe SDG 2 maidir le Díothú an Ocrais, agus iarrann sí ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit a rannpháirtíocht leis na príomh-chomhpháirtithe iltaobhacha agus leis na tíortha comhpháirtíochta a neartú sa chomhthéacs iltaobhach: eagraíochtaí ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe, go háirithe gníomhaireachtaí atá lonnaithe sa Róimh agus an Coiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain (CFS), in éineacht le hEagraíocht na Stát ACC, G7, G20 agus EDT, chomh maith le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais ar leibhéal na gceanncheathrúna agus ar leibhéal na tíre araon. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí tionscnaimh dhomhanda maidir leis an tslándáil bia agus an cothú a chuíchóiriú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr chun an t-iltaobhachas éifeachtach a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar an neamhshlándáil bia agus ar an míchothú. Molann sí comhoibriú laistigh den ghníomhaireacht i measc FAO, an Clár Domhanda Bia, IFAD, agus gníomhaireachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe, chomh maith le CFS chun an tslándáil bia agus an cothú agus na córais bhia inbhuanaithe a fheabhsú agus aithníonn sé ról na gluaiseachta um Chothú a Fheabhsú (SUN).

28. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an Cruinniú Mullaigh maidir le Cothú le haghaidh Fáis a thionólfar i mí an Mhárta 2025 i bPáras agus an cothú á chur mar ábhar tosaíochta ar an gclár oibre don fhorbairt inbhuanaithe chomh maith le ról cheannaireacht pholaitiúil agus airgeadais an Aontais sna hiarrachtaí an cothú a chur chun cinn. Tacaíonn an Chomhairle le príomhthionscnaimh a chur chun feidhme go tráthúil mar shampla an obair leantach ar Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia agus an t-athbhreithniú air, an Comhaontas Domhanda don tSlándáil Bia, Tionscnamh G7 maidir le Córais Bhia Apulia , agus Dearbhú COP28 maidir le 'Talmhaíocht Inbhuanaithe, Córais Bhia Athléimneacha agus Gníomhú ar son na hAeráide' agus an clár oibre comhpháirteach Sharm El-Sheikh maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme i réimse na talmhaíochta agus na slándála bia agus an chothaithe, chomh maith leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, an Coinbhinsiún chun an gaineamhlú a chomhrac, agus an Creat-Choinbhinsiún ar an Athrú Aeráide.

29. Is díol sásaimh don Chomhairle seoladh na Comhghuaillíochta Domhanda chun an tOcras agus an Bhochtaineacht a Chomhrac ag G20 agus is díol sásaimh di an acmhainneacht atá aici na struchtúir dhomhanda atá ann cheana a chomhlánú chun an tslándáil bia agus an cothú a chur chun cinn, lena n-áirítear an Líonra Domhanda i gcoinne Géarchéimeanna Bia mar aon le foilsiú na Tuarascála Domhanda maidir le Géarchéimeanna Bia, agus molann sí go bhforbrófaí í ina líonra cuimsitheach lena dtabharfar aghaidh ar an neamhshlándáil bia.

**NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE**

30. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an creat ceithre cholún: dlúthpháirtíocht, táirgeadh, trádáil agus an t-iltaobhachas. Iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin, ar SEGS agus ar na Ballstáit nuashonrú agus tuairisciú rialta leanúnach a dhéanamh ar na hacmhainní a shlógtar faoi fhreagairt Fhoireann na hEorpa ar an neamhshlándáil bia ar fud an domhain, lena n-áirítear tionscnaimh shuaitheanta nithiúla, agus béim á leagan aici ar an ngá atá le sonraí imdhealaithe iontaofa, tráthúla agus cruinne.

31. Tá an Chomhairle tiomanta leanúint dá hiarrachtaí maidir leis an tslándáil bia an agus cothú faoi chuimsiú Chlár Oibre 2030 agus cuirfidh sí feabhas ar an obair chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna idirnasctha na neamhshlándála bia agus an mhíchothaithe trí straitéisí cuimsitheacha chun forbairt an duine, cobhsaíocht eacnamaíoch, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosc coinbhleachtaí a chur chun cinn, agus gníomhaíochtaí a ailíniú laistigh den nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin.

32. Le comhordú oibríochtúil agus comhar ar an láthair a chothú chun an tionchar is mó is féidir a bhaint amach i gcomhair na slándála fadtéarmaí athléimní bia, iarrann an Chomhairle ar chomhaltaí Fhoireann na hEorpa a n-idirghabhálacha agus a n-infheistíochtaí faoi seach a ailíniú le torthaí comhchoiteanna. Iarrann an Chomhairle freisin ar chomhaltaí Fhoireann na hEorpa dul i mbun réamhghníomhaíochta, straitéisí chun na rioscaí a bhaineann le tubaiste a laghdú, a mhéid is féidir trí chistiú intuartha, ilbhliantúil, solúbtha lena bhféadfar an fhreagairt ar riachtanais phráinneacha a uas-scálú go tapa agus lena n-áiritheofar leanúnachas oibríochtúil i ngéarchéimeanna a ndéantar faillí iontu.

33. Leagann an Chomhairle béim ar a phráinní atá sé rannchuidiú go gníomhach leis an talamhaíocht agus na córais bhia a athrú ó bhonn trí thomhaltas, táirgeadh agus cleachtais trádála inbhuanaithe a chur chun cinn, caillteanas agus cur amú bia a laghdú, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, rannpháirtíocht fhóinteach na talmhaíochta orgánaí agus na gcleachtas agrai-éiceolaíoch, chomh maith le borradh a chur faoi tháirgeadh talmhaíochta intíre atá dúlra-dearfach, cliste ó thaobh bhainistiú uisce de agus éagsúlaithe i dtíortha comhpháirtíochta.

34. Iarrann an Chomhairle go neartófaí an tacaíocht a thugtar do chórais bhia áitiúla, d'fheirmeoirí teaghlaigh agus feirmeoirí beaga, agus do MFBManna talamhaíochta, ar príomhghníomhaithe iad chun slándáil bia agus cothú na bpobal a neartú go fadtéarmach, lena n-áirítear trí iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais shocheacnamaíocha. Leis an tacaíocht sin, ba cheart slite beatha cothroma a chur chun cinn, rochtain ar chórais uilíocha cosanta sóisialta a chur chun cinn agus rochtain ar mhaoiniú agus ar an margadh a éascú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin struchtúracha atá roimh na mná agus an óige.

35. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an straitéis Global Gateway chun slabhraí luacha agraibhia agus uisceacha atá athléimneach agus inbhuanaithe a fheabhsú. Áirítear leis sin tionscnaimh infheistíochta a thagann faoi chúig phríomhréimse comhpháirtíochta de Straitéis Global Gateway, agus aird ar leith á tabhairt ar infheistíochtaí i mbonneagair iompair agus stórála, san oideachas agus sa taighde, agus i slabhraí luacha atá neamhdhíobhálach don aeráid agus fuinneamhéifeachtúil. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil gá le tuilleadh plé agus comhordú ar Fhoireann na hEorpa maidir leis an idirghníomhú idir an Straitéis Global Gateway agus an tslándáil bia agus an cothú ar fud an domhain.

36. Leagann an Chomhairle béim ar an ról lárnach atá ag an eolaíocht agus ag an nuálaíocht maidir le córais bhia a athrú ó bhonn agus domhan a bheadh saor ó ocras agus ó gach cineál míchothaithe a bhaint amach. Ag aithint di an ról tábhachtach atá ag institiúidí idirnáisiúnta taighde agus eolaíochta, cuir i gcás an Grúpa Comhairleach um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta (CGIAR), iarrann an Chomhairle go scaipfear agus go nglacfar le táirgí a bhfuil eolas iontu agus leis an nuálaíocht ar bhonn níos leithne.

37. Ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá Plean Gníomhaíochta 2015-2025 um Chothú an Aontais, agus ailíniú le spriocanna cothaithe domhanda an Chomhthionóil Dhomhanda Sláinte agus le SDGanna, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de chur chuige maidir leis an gcothú a chomhordú leis na Ballstáit, go háirithe i gcomhthéacs an Chruinnithe Mullaigh maidir le Cothú le haghaidh Fáis, agus Plean Gníomhaíochta athbhreithnithe a mheas mar chuid de ghealltanas ón gCruinniú Mullaigh maidir le Cothú le haghaidh Fáis.

38. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tacaíocht bhuanseasmhach don Úcráin a fhad is gá. Iarrann an Chomhairle go dtabharfaí tuilleadh tacaíochta d'onnmhairí bia ón Úcráin, dá téarnamh eacnamaíoch agus dá hoibríochtaí dímhianaithe agus go gcoinneofaí staid dhaonnúil na hÚcráine mar thosaíocht ar an gclár oibre.

39. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle go neartófaí freagairt Fhoireann na hEorpa ar an neamhshlándáil bia agus ar an míchothú agus aird ar leith á tabhairt ar chearta an duine a urramú. Meabhraítear don Chomhairle Treoirlínte Deonacha CFS maidir leis an gCeart chun Bia Leordhóthanach agus na huirlisí daonnúla, forbartha, maicreacnamaíocha, margaidh, trádála, beartais, anailíse inscne agus polaitiúla á gcur san áireamh chun go mbeidh an tionchar is mó is féidir acu. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta. Ba cheart uirlisí nuálacha a fhiosrú le hinstitiúidí maoinithe forbartha agus le gníomhaireachtaí déthaobhacha.

40. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá cur i gcoinne ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus iarrachtaí díchobhsaithe, lena mbaintear an bonn de na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an tslándáil bia agus ar an gcothú.

41. Leanfaidh an Chomhairle de bheith rannpháirteach go polaitiúil, mar a bhí i gcás COP 29, maidir le rannpháirtíocht ardleibhéil a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear an Cruinniú Mullaigh maidir le Cothú le haghaidh Fáis, an chéad Fhóram Eorpach Daonnúil eile agus an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Afraic.